

# Dóiteán

Oíche amháin i lár an tsamhraidh bhí Liam ag teacht abhaile ó cheolchoirm. **Go tobann** chonaic sé solas ait tamall uaidh. **Baineadh geit** as mar cheap sé gurbh iad na sióga a bhí amuigh. Ansin **bhuail sé isteach ina aigne** go raibh teach san áit ina raibh an solas.

Teach Mhuintir Uí Mheára a bhí ann agus bhí an chlann ar fad ar laethanta saoire. **Ba léir dó** ansin go raibh an teach trí thine. Nuair a shroich sé an áit chonaic sé na lasracha agus an deatach ag teacht amach trí na fuinneoga. Rith sé **ar nós na gaoithe** go teach comharsan. Chuir fear an tí glao teileafóin ar an mbriogáid dóiteáin. Rith Liam agus comharsana eile ar ais go dtí an dóiteán. Isteach sa teach leo agus thosaigh siad ag tarraingt amach troscán. Bhí an gnó an-deacair mar bhí an toit go láidir istigh sa teach. Bhí gach éinne ag casacht. **Ba ghearr gur** chuala siad an t-inneall dóiteáin ag teacht. Léim na fir dóiteáin den inneall. Bhí cótaí uiscedhíonacha, clogaid agus buataisí rubair orthu. Cheangail siad píobáin uisce den inneall agus thosaigh siad ag caitheamh uisce ar na lasracha. D'ardaigh siad dréimire amháin go dtí fuinneog ar bharr an tí. Chuaigh fear dóiteáin isteach tríd an bhfuinneog sin. Tar éis tamaill d'éirigh leo **na lasracha a smachtú. I ndeireadh na dála** mhúch siad an dóiteán ar fad. Bhí uisce agus súiche **ar fud na háite.** Ach d'fhéadfadh an scéal bheith níos measa. Sábháladh an teach agus an chuid is mó den troscán.

## A. Foclóir

**bhuail** sé **isteach ina aigne,** it occurred to him
**lasracha,** flames
**inneall dóiteáin,** fire engine
**uiscedhíonach,** waterproof
**clogaid,** helmets

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cén fáth ar baineadh geit as Liam?
   — Chuala sé torann ait.
   — Chonaic sé solas ait tamall uaidh.
   — Chonaic sé na sióga.
2. Cá raibh Muintir Uí Mheára nuair a chuaigh an teach trí thine?
   — Bhí siad ina gcodladh sa teach.
   — Bhí siad ag obair sa chlós.
   — Bhí siad ar laethanta saoire.
3. Conas a chuir siad fios ar an mbriogáid dóiteáin?
   — Chuir fear an tí glao teileafóin orthu.
   — Thiomáin fear an tí isteach sa chathair dóibh.
   — Rith Liam isteach sa chathair.

## C. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:

1. Cheap sé gurbh iad na - a bhí amuigh.
2. Rith sé ar - - - go teach comharsan.
3. Isteach sa teach leo agus thosaigh siad ag - amach -
4. Ba ghearr gur chuala siad an - - ag teacht.

## D. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:

Ag casacht, an toit, cótaí uiscedhíonacha, píobáin uisce, dréimire, sábháladh.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar rith Liam ar nós na gaoithe?
2. Cén fáth a raibh an toit go láidir sa teach?
3. Cé bhí ar an inneall dóiteáin?
4. Cad a cheangail na fir dóiteáin den inneall?
5. Cad a rinne siad leis na píobáin uisce?
6. Conas a chuaigh an fear dóiteáin isteach sa teach?
7. Conas a thosaigh an dóiteán?

## Gramadach 14

1. "Cheangail siad píobán uisce den inneall."
   téad/geata, slabhra/sclábhaí, brat/cuaille.
2. Scríobh gan figiúirí a úsáid.
   1 (capall), 2(capall), 3(capall), 7(capall), 10(capall), 11(peann), 16(peann), 20(peann), 8 (caora), 1(úll), 3(asal), 12(ubh).